

**An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)**

**13839/26
ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0232(COD)**

**CODEC 1817
SOC 637
EMPL 370
SAN 705**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochthead do charcanaiginí, do shó- ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh = Ráiteas

D'iarr an Coimisiún go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

Chun nochthead do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a chosc nó a laghdú, bunaítear ordlathas beart teicniúil agus eagraíochtúil le Treoir 2004/37/CE. Sa chomhthéacs sin, ba cheart trealamh cosanta pearsanta (TCP), go háirithe trealamh cosanta riospráide aonair, a úsáid mar rogha dheireanach.

Chun a éifeachtacht iomlán a áirithiú, ba cheart TCP a roghnú le bheith oiriúnach do na rioscaí lena mbaineann, gan aon riosca breise a chruthú leis féin. Ba cheart go bhfreagródh sé do na dálaí atá ann cheana san ionad oibre, go gcuirfeadh sé ceanglais eirgeanamaíocha agus sláinte an oibrí san áireamh agus go n-oirfeadh sé i gceart don duine féin tar éis aon choigeartaithe is gá, i gcomhréir le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 de Threoir 89/656/CEE. Ba cheart do TCP forálacha ábhartha an Aontais maidir le dearadh agus monarú i ndáil le sábháilteacht agus sláinte a chomhlíonadh freisin, go háirithe Rialachán (AE) 2016/425.

Ina theannta sin, is gá a áirithiú go gcoinnítear TCP in ord maith oibre agus i riocht sláinteach sásúil trí na bearta cothabhála, deisiúcháin agus athsholáthair is gá. Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag úsáid TCP, trealamh cosanta riospráide agus forchótaí cosanta den chuid is mó, ar shláinte oibrithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sosanna.

Mar thoradh air sin, cuireadh dhá fhoráil le CMRD VI chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin:

- Leis an gcéad fhoráil, cuirtear fomhír le hAirteagal 5(5) agus soiléirítear go n-áirítear TCP le 'bearta cosanta aonair' dá dtagraítear in Airteagal 5 'Nochtadh a chosc agus a laghdú' (5) pointe g agus gur cheart iad a úsáid i ndáil le hordlathas na mbeart rialaithe agus Treoir 89/656/CEE.
- Forlíontar Airteagal 10 'sláinteachas agus cosaint aonair' le mír (2)(a) lena dtugtar aghaidh ar thionchar TCP ar shláinte oibrithe. I gcás ina sainaithníonn fostóirí go bhfuil gá le TCP i gcomhréir le hordlathas na mbeart rialaithe, déanfaidh siad measúnú ar aon rioscaí breise a bhaineann le húsáid TCP agus cinnfidh siad fad agus minicíocht na sosanna rialta. Chun an fhoráil seo a chur chun feidhme, is féidir sosanna a cheanglaítear nó a sholáthraítear faoi shocruithe dlíthiúla nó praiticiúla eile atá ann cheana a chur san áireamh, ar choinníoll go mbaintear amach na cuspóirí a shaothraítear le hAirteagal 10(2)(a).